



An Garda Síochána

Doiciméad Beartais

**Rialacháin a bhaineann leis an mbail a
chuirfear ar dhaoine
faoi choimeád – Scagthástáil Teochta
agus measúnú riosca gaolmhair**

Dáta Éifeachta	9 Aibreán 2020
Leagan Uimh.	1.0
Arna cheadú ag	Feidhmeannach an Gharda
Arna thabhairt isteach le	Treoir HQ 018/2020
Úinéir Beartais	Coimisinéir Cúnta, Réigiún an Oirthir

Cuspóir

Is é cuspóir an bheartais seo an próiseas a leagan amach lena ndéanfaidh comhaltaí an Gharda Síochána teocht daoine faoi choimeád ag an nGarda a ghlacadh trí úsáid a bhaint as teirmiméadair dhigiteacha. Déanfar teirmiméadair dhigiteacha a chur isteach in ionaid choimeádta/cillíní stáisiún na nGardaí le haghaidh measúnú na bpríosúnach. Is beart éigeandála é seo le haghaidh fhad phaindéim Covid-19 amháin, agus déanfar athbhreithniú air an 9 Samhain 2020, de réir chlásal éagtha an Rialtais lena ndéantar athbhreithniú ar na cumhachtaí a thugtar leis an Acht Sláinte (Caomhnú agus Cosaint agus Bearta Éigeandála eile ar mhaithe le Leas an Phobail), 2020.

Raon Feidhme

Tá feidhm ag an mBeartas seo agus na doiciméid ghaolmhara go léir maidir le comhaltaí an Gharda Síochána agus foireann an Gharda. Tá feidhm aige chomh maith maidir le Póilíní Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI) atá ar iasacht don Gharda Síochána de réir Alt 53 d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

Ráiteas Beartas

Féadfar teirmiméadair dhigiteacha a úsáid d'fhonn measúnú riosca a dhéanamh i dtaobh an bhfuil duine a thabharfar faoi choimeád an Gharda ionfhabhtaithe le Covid-19. Beidh tomhas teocht duine faoi choinneáil nuair a shroichfidh siad stáisiún Gardaí ina chuid bhreise den mheasúnú riosca reatha arna chur i gcrích ag an gComhalta i gCeannas, mar a cheanglaítear faoi airteagal 7(d) de na Rialacháin a bhaineann leis an mbail a chuirfear ar Dhaoine faoi Choimeád, agus a thairfeadtar in Alt B1 de Thairfead Coimeádta an Gharda Síochána – Foirm Measúnaithe Riosca C.84(A).

Is é an tairbhe a bhaineann le teocht duine atá á choinneáil a thógáil ná go gcabhródh sé le daoine a bhfuil amhras fúthu go bhfuil víreas Covid-19 orthu a aithint ag an gcéim is luaithe is féidir, agus ar an gcaoi sin go bhféadfadh srian a choinneáil ar scaipeadh an víris dá bhfaigheadh an príosúnach toradh dearfach ina dhiaidh sin. Ceadóidh sé freisin cóir leighis chuí a lorg do dhuine faoi choinneáil, de réir mar is gá, agus cuideoidh sé le Comhaltaí i gCeannas a threorú agus cinneadh á dhéanamh an gá bearta réamhchúraim a dhéanamh i limistéar cille/coimeádta an stáisiúin.

Faoi láthair níl cumhacht dhlíthiúil ná riachtanas údaraithe ar leith ag an nGarda Síochána teocht duine atá faoi choimeád a thógáil. Mar thoradh air sin, tá an beartas seo bunaithe ar phrionsabal an toilithe atá á sholáthar ag an duine atá á choinneáil. Foráiltear leis an mbeartas seo freisin don Chomhalta i gCeannas ceisteanna breise a chur ar dhuine gafa nuair a thagann siad chuig an stáisiún, chun measúnú a dhéanamh ar a riosca i dtaca le teagmháil le/ionfhabhtú Covid-19.

Próiseas

Stórálfar teirmiméadair dhigiteacha go daingean i limistéar coimeádta ainmnithe Stáisiún na nGardaí, nó i suíomh slán eile laistigh den stáisiún ar thoiliú an Oifigigh Rannáin atá cuntasach as an gcéanna ach a d'fhéadfadh comhalta ar leith a dhéanamh freagrach as iad a stóráil go sábháilte agus go slán. Ní cheadaítear ach teirmiméadair dhigiteacha a sholáthraíonn an Garda Síochána a úsáid.

Nuair a bheidh a measúnú caighdeánach ar dhuine faoi choimeád curtha i gcrích ag an gComhalta i gCeannas nuair a thagann an duine atá faoi choimeád/na príosúnaigh chuig Stáisiún Gardaí, féadfar measúnú breise eile a dhéanamh anois chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh teagmhála féideartha/ionfhabhtaithe le Covid-19. Ní dhéanfar an measúnú seo ach amháin i gcúinsí ina measann an Comhalta i gCeannas go bhfuil gá leis sin, mar shampla má léiríonn an duine atá faoi choimeád comharthaí amhrasta Covid-19, agus/nó aon fhachtóir eile lena mbaineann, amhail an áit ghabhála nó aon fhaisnéis maidir le teagmháil le cásanna aitheanta nó amhrasta.

Má chinneann an Comhalta i gCeannas go bhfuil gá le measúnú Covid-19, cuirfidh sé/sí na cúig cheist seo a leanas ar an duine atá faoi choimeád, agus ba cheart na freagraí ar gach ceann acu a thairfeadadh sa Gharda Síochána

NEAMHSHRIANTA / UNRESTRICTED

Rialacháin a bhaineann leis an mbail a chuirfear ar dhaoine faoi choimeád – Scagthástáil teochta agus measúnú riosca gaolmhair Leagan 1.0

Taifead Coimeádta – Foirm Mheasúnaithe Riosca C.84(A) ag Alt B1 faoin bhfo-cheannteideal 'Breathnuithe an Gharda Síochána', nó ag alt B1 (F) 'Eile':

1. An raibh tú i dteagmháil le duine ar bith a fuair tástáil dhearfach do Covid-19 le 14 lá anuas?
2. An bhfuil casacht tagtha ort le 14 lá anuas?
3. An bhfuil gearranáil ort nó ar tháinig gearranáil ort le 14 lá anuas?
4. Ar tháinig crithfhuacht ort le 14 lá anuas, nó an airíonn tú tinn?
5. An dtugann tú cead dom do theocht a ghlacadh, agus é a thaifead le faisnéis ghinearálta faoi do riocht fisiciúil sa taifead coimeádta?

Má thugtar cead, ba cheart don Chomhalta i gCeannas an teirmiméadar digiteach a chuirtear ar fáil a úsáid chun teocht an duine faoi choimeád a thomhas, i gcomhréir le treoirlínte an mhonaróra. Tá an léamh teochta agus an t-am a tógadh é le taifeadh sa taifead coimeádta. Mura dtugtar cead, beidh an measúnú seo bunaithe ar na ceithre cheist roimhe seo.

Má thugann an duine faoi choimeád freagra dearfach ar aon cheann de cheisteanna 1-4, agus/nó má thaispeánann sé teocht 38 céim Celsius nó níos airde, ba cheart machnamh a dhéanamh ar an duine faoi choimeád/príosúnach a leithlisiú go sábháilte i gcill shlán de réir phrótacail um shrianadh Covid-19. Ba cheart don Chomhalta i gCeannas cóir leighis iomchuí a lorg ansin, agus rabhadh sainráite a thabhairt don dochtúir teaghlaigh/paraimhíochaineoir maidir le cás féideartha Covid-19. Murab é an Sáirsint Dualgais/Sáirsint i gCeannas an Chomhalta i gceannas, ba cheart don Chomhalta i gCeannas é/í a chur ar an eolas láithreach go bhféadfadh an duine faoi choimeád a bheith ionfhabhtaithe le Covid-19. Ba cheart cloí le gach prótacal maidir le haonrú agus srianadh príosúnaigh a bhfuil amhras ann go bhfuil Covid-19 á iompar aige nó aici, mar atá ceadaithe ag Coimisinéir an Gharda Síochána, mar aon le hAirteagal 21 de na Rialacháin a bhaineann leis an mbail a chuirfear ar dhaoine faoi Choimeád.

Ba chóir an Measúnú Riosca Príosúnach atá i gceangal le haghaidh galair thógálacha/theagmhálacha (covid-19 san áireamh) a chomhlánú, a shíniú agus a cheangal leis an taifead coimeádta, mar aon le Foirm C.84 (A).

Comhlíonadh

Tá comhlíonadh an Bheartais seo agus na doiciméid ghaolmhara a ghabhann leis éigeantach do gach comhalta den Gharda Síochána agus d'Fhoireann an Gharda Síochána.

Doiciméid Ghaolmhara

- 1) **Na Rialacháin fán Acht um Cheartas Coiriúil, 1984 (An bhail a chuirfear ar Dhaoine faoi Choimeád), 1987**
- 2) **Taifead Coimeádta an Gharda Síochána – Foirm Mheasúnaithe Riosca C.84(A)**
- 3) **Measúnú Riosca Príosúnach le haghaidh galair thógálacha/theagmhálacha (Covid-19 san áireamh)**

Scagthástáil ó thaobh an dlí & Cearta Daonna de

Rinneadh scagthástáil ó thaobh an dlí agus Cearta Daonna ar an mBeartas seo i dtéarmaí na n-oibleagáidí faoi seach a cuireadh ar an nGarda Síochána don réimse ábhair lena mbaineann.

Caighdeáin Eiticiúla & Gealltanais

Ní mór do gach duine atá ag obair sa Gharda Síochána cloí leis na caighdeáin agus na gealltanais atá leagtha amach sa Chód Eitice don Gharda Síochána agus seasamh leis an gCód seo agus é a chur chun cinn ar fud na heagraíochta.

Athbhreithniú ar Bheartas & Nós Imeachta

Déanfar athbhreithniú ar an mBeartas seo agus ar na doiciméid ghaolmhara an 9 Samhain 2020, de réir chlásal éagtha an Rialtais lena ndéantar athbhreithniú ar na cumhachtaí a thugtar leis an Acht Sláinte (Caomhnú agus Cosaint agus Bearta Éigeandála eile ar mhaithe le Leas an Phobail), 2020.

Séanadh

Ní bheartaítear leis an doiciméad seo, ná ní hionann é agus comhairle dlí a mbeifear ag brath uirthi maidir leis an ábhar atá anseo. Níor cheart an doiciméad seo a úsáid in ionad comhairle dlí ghairmiúil.

Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí / Treoir 2016/680/AE - An Treoir maidir le Póilíní agus Údaráis Cheartais Choiriúil (más ábhartha/iomchuí)

Ní phróiseálfar sonraí pearsanta ach amháin chun na críocha a shonraítear sa bheartas seo, agus laistigh de bhonn dleathach atá sainithe go soiléir faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) ((AE) 2016/679) agus faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988/2018. Cuirfear gach beart riachtanach i bhfeidhm chun a chinntiú go gcoinnítear sonraí pearsanta slán sábháilte. Is ag pearsanra údaráithe amháin a bheidh rochtain ar shonraí pearsanta. Ní phróiseálfar ach sonraí pearsanta ábhartha, agus ní choinneofar iad níos faide ná mar is gá.